



An Coimisinéir Teanga

# Cearta Teanga

## Acmhainn do Mhúinteoirí

*le tacaíocht ó*

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Buíochas


Ba dheas le hOifig an Choimisinéara Teanga buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh linn an acmhainn oideachais seo a chur i gcrích, go háirithe:

- An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus Príomhoifigeach na Comhairle, Muireann Ní Mhóráin.
- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- Conor Harrison ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Na múinteoirí a d'fhorbair an t-ábhar:
  - Máire Ní Chléirigh, Gaelcholáiste Reachrann, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13.
  - Siobhán Uí Loideáin, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
  - Máire Gearóidín Ní Sheabhleáin, Pobalscoil an Chlocháin, An Clochán, Co. na Gaillimhe.
- Na príomhoidí, na múinteoirí agus daltaí na scoileanna a ghlac páirt sa scéim phíolótach le linn 2010.
- Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, as an obair ar an scéim phíolótach.
- Nuacht TG4, go háirithe Micheal Lally, Eimear Ní Chonaola, JoAnne Ní Dhomhnaill, Maidhc Mac Conmara, Ken Fogarty, Dave Fenwick agus Breandán Delap.
- The Coronas don amhrán *Éist a Ghrá*.
- Orla Nic Suibhne (Seachtain na Gaeilge).
- Gráinne O'Carroll ó Dough Productions don ghearrscannán *Yu Ming is ainm dom*.
- Gach duine eile a chuir comhairle nó cúnamh eile ar fáil.

Deartha ag Proactive Design and Marketing. Clóite ag Doggett Printers.
Físeán: Telegael, Nuacht TG4, Dough Productions agus ROSG.

FSC
*Clóite in Éireann.*

# Acmhainn Oideachais
# Oifig an Choimisinéara Teanga

Tá áthas orm an acmhainn oideachais dhátheangach seo ar chearta teanga a chur in bhur láthair. Tá súil agam go mbainfidh idir dhaltaí agus mhúinteoirí buntáiste agus taitneamh aisti.

Tá an t-ábhar seo curtha ar fáil againn le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoilaíochta, lena úsáid mar chuid den chúrsa san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) sa Teastas Sóisearach, ionas go gcuirfear le tuiscint na ndaltaí ar chearta teanga.

Is í an Ghaeilge teanga náisiúnta na tíre seo agus tá sí á labhairt anseo le 2,000 bliain ar a laghad. Anuas air sin, tá sí ar an teanga scríofa is sine i dtuaisceart na hEorpa a mhaireann fós mar theanga bheo phobail. Níl sí, áfach, ar an teanga is coitianta a labhraítear sa tír seo agus d'ainneoin a stádais mar phríomhtheanga oifigiúil, tá sí faoi bhrú mar atá iliomad teangacha neamhfhorleathana eile ar fud an domhain mhóir.

Tá fíorthábhacht leis an nGaeilge ó thaobh fhéiniúlacht phobal na hÉireann agus is cuid lárnach dár gcultúr í. Tá dualgas orainn í a chaomhnú freisin mar chuid d'oidhreacht chultúrtha an domhain.

Faoi phobal na tíre seo féin atá sé ár dteanga náisiúnta a choinneáil beo. Is féidir sin a dhéanamh ach a chinntiú go gcruthaítear áit agus spás di i saol na tíre seachas í a bhrú ar an imeall nó ar leataobh. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis d'ógánaigh i gcóras oideachais na tíre seo cur lena dtuiscint ar chearta teanga agus iad a chur ar an eolas faoin tábhacht atá le cosaint agus le cur chun cinn ár dteanga náisiúnta.

Tá cearta teanga an phobail daingnithe i mBunreacht na hÉireann agus i bhforálacha reachtúla éagsúla, go háirithe Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Faoin Acht sin a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga le cearta teanga an phobail a chosaint agus ar cheann de dhualgais na hOifige seo, tá comhairle a chur ar an bpobal maidir leis na cearta sin.

Chuige sin, tá sraith de cheachtanna scoile a bhaineann le cearta teanga forbartha san acmhainn oideachais seo do mhúinteoirí agus do dhaltaí an chúrsa OSSP. Tugtar léargas ar chearta teanga go ginearálta agus ar chás na Gaeilge go háirithe, i gcomhthéacs cearta daonna. Tá an pacáiste gníomhaíochta foghlama seo ullmhaithe go dátheangach le leabhar don mhúinteoir, póstaeir, CD Rom, DVD de ghearrthóga físe agus acmhainní ar líne (www.coimisineir.ie).

Tá súil agam go spreagfaidh an acmhainn oideachais seo díospóireacht i measc daltaí scoile maidir le cearta teanga agus go gcabhróidh sí go mór leo tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar tábhachtach seo. Tá súil agam freisin go gcabhróidh sí leo a bhféiniúlacht mar shaoránaigh a fhorbairt i dtír a bhfuil dhá theanga oifigiúla aici, Gaeilge agus Béarla.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas ó chroí a ghlacadh le gach duine a chabhraigh linn i bhforbairt na hacmhainne seo; tá daoine áirithe liostaithe san alt dar teideal 'Buíochas' ach tá tuilleadh nach iad a chabhraigh leis an tionscnamh trí chomhairle agus cúnamh eile a thabhairt dúinn.

Is é mo ghuí go mbainfidh daltaí scoile na tíre taitneamh agus buntáiste as tuilleadh a fhoghlaim faoi chearta teanga.

**Seán Ó Cuirreáin**
*An Coimisinéir Teanga*

# Sa Bhosca

Tá na háiseanna seo a leanas ar fáil i mbosca an mhúinteora:

- Leabhrán an mhúinteora.
- DVD de na gearrthóga físe do Cheachtanna 2, 3, 4, 6 agus 8.
- CD Rom de leabhrán an mhúinteora.
- Cártaí meaitseála do Cheacht 1 (6 bhosca).
- Cártaí a bhaineann le náisiúntacht do Cheacht 2 (bosca amháin).
- Tasc-chártaí a bhaineann le Marsaigh do Cheacht 2 (sa mhála plaisteach).
- Tasc-chártaí i dteangacha iasachta do Cheacht 3 (sa mhála plaisteach).
- 2 phóstaer do Cheacht 5.
- 2 phóstaer do Cheacht 7.
- Póstaer amháin do Cheacht 8.

Tá an t-ábhar seo ar fáil freisin ar www.coimisineir.ie/scoileanna.

Tá neart eolais breise ar fáil ar www.coimisineir.ie.

# Sa Leabhrán

**Ceacht 1** Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine ..... 5

**Ceacht 2** Féiniúlacht, Náisiúntacht agus Cultúr an Duine ..... 13

**Ceacht 3** Yu Ming is ainm dom ..... 21

**Ceacht 4** Na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le hilteangachas ..... 27

**Ceacht 5** Cairt Cearta Teanga ..... 31

**Ceacht 6** Oifig an Choimisinéara Teanga ..... 35

**Ceacht 7** An Ghaeilge thart timpeall orainn ..... 41

**Ceacht 8** Dul Siar agus Ceisteanna Scrúdaithe ..... 49

**Tionscadail Ghníomhaíochta** ..... 54

1. Cairt cearta teanga a scríobh don rang ..... 55
2. Taispeántas a eagrú maidir le húsáid na Gaeilge timpeall na scoile ..... 56
3. Ceiliúradh ar Lá na hEorpa nó ar Lá Eorpach na dTeangacha ..... 57
4. Leabhrán le cur le chéile le húsáid i leabharlann na scoile ..... 58
5. Cuairt ó Oifig an Choimisinéara Teanga a eagrú ..... 59

# Ceacht 1



## Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD)

**Aidhm:** Go dtuigfeadh na daltaí Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD).

**Torthaí Foghlama:**

Ag deireadh an cheachta, beidh na daltaí in ann:

- An DUCD a aithint.
- An fáth a bhfuil an DUCD ann a mhíniú.
- 5 cheart atá cosanta ag an DUCD a aithint agus a ainmniú.
- Na hairteagail ón DUCD a bhaineann le náisiúntacht a aithint i.e. Airteagail 2, 15 agus 19.

**Airteagal 2:**

Tá sé de cheart ag gach duine nach gcaithfí leo go claonta ar aon bhealach, is cuma cén cine nó gnéas lena mbaineann tú, an dath craicinn atá ort, an teanga a labhraíonn tú, an reiligiún nó na tuairimí atá agat, cúlra clainne, stádas sóisialta nó eacnamaíoch, breith nó náisiúntacht.

**Airteagal 15:**

Tá ceart náisiúntachta ag gach duine, tá sé de cheart ag gach duine a náisiúntacht a bheith aitheanta agus tá sé de cheart ag gach duine a náisiúntacht a athrú.

**Airteagal 19:**

Tá ceart ar shaoirse tuairimíochta ag gach duine agus tá sé de cheart ag gach duine na tuairimí atá acu a chur in iúl.

## Riachtanais don Rang:

- Seit cártaí meaitseála le tabhairt do gach grúpa de chúigear daltaí sa rang.
    - Tá 6 sheit de chártaí meaitseála i mboscaí beaga agus an lipéad ‘Ceacht 1’ scríofa orthu.
    - Tá 20 cárta a bhfuil téacs orthu agus 20 cárta a bhfuil pictiúir orthu i ngach aon bhosca beag.
    - Tá uimhir ar gach cárta sa chaoi is gur féidir leis an múinteoir a chinntiú go bhfuil 40 cárta curtha ar ais i ngach aon bhosca ag deireadh an cheachta.
    - Tá na cártaí meaitseáilte mar is ceart sa leabhrán seo ar mhaithe le cabhrú leis an múinteoir.
- Cóip den DUCD le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá achoimre ar an DUCD le fáil sa leabhrán seo.
- Bileog Obair Bhaile le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Obair Bhaile le fáil sa leabhrán seo.

## Tús an Ranga:

1. Roinn na daltaí i ngrúpaí de chúigear agus tabhair seit cártaí meaitseála do gach grúpa. Iarr ar na daltaí na pictiúir a mheaitseáil leis an téacs.

## Forbairt an Ranga:

2. Iarr ar gach grúpa ceart amháin a ainmniú agus an pictiúr a théann leis a thaispeáint. Déan plé gairid ar aon cheist a thagann chun cinn toisc go roghnaíonn grúpa eile ráiteas maidir le ceart eile a ghabhann leis an bpictiúr céanna.

3. Ceistigh na daltaí faoin tábhacht a bhaineann leis na cearta seo.

4. Mínigh an DUCD do na daltaí. Abair leo go bhfuil na cearta seo chomh tábhachtach go bhfuil cosaint tugtha dóibh i ndoiciméad ar a dtugtar Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. Tabhair cóip den DUCD do gach dalta agus iarr orthu díriú ar Airteagail 2, 15 agus 19.

## Deireadh an Ranga:

5. Obair Bhaile: Tá an Bhileog Obair Bhaile le tabhairt do gach dalta.

## Nótaí don Mhúinteoir:

Le linn an Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1941, dúirt Uachtarán na Stát Aontaithe, Franklin D. Roosevelt, gurb iad na coinníollacha riachtanacha a bhain le síocháin ná saoirse cainte, saoirse creidimh, saoirse ón nganntanas agus saoirse ón eagla.

Idir 1942 agus 1944, bhuail na ceannairí ó na príomhchumhachtaí le chéile chun eagraíocht nua a bhunú chun stáit an domhain a thabhairt le chéile. Tugadh na Náisiúin Aontaithe ar an eagraíocht a bunaíodh.

Idir 1946 agus 1948, ní gan stró a rinne na Náisiúin Aontaithe Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine a scríobh. Thóg sé an-chuid ama aontú ar dhoiciméad a thabharfadh aitheantas do na córais éagsúla pholaitiúla, eacnamaíocha agus chultúrtha de chuid na Náisiún Aontaithe.

Ar an 10 Nollaig 1948, d'fhaomh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an DUCD. D'fhan ocht dtír siar ón vóta.

# Obair bhaile do Cheacht 1

**Tarraing nó greamaigh pictiúir sna boscaí seo a léiríodh na trí Airteagal seo ón DUCD.**

**Airteagal 2:** Tá sé de cheart ag gach duine nach gcaithfí leo go claonta ar aon chúis.

**Airteagal 15:** Tá sé de cheart ag gach duine náisiúntacht a bheith acu.

**Airteagal 19:** Tá sé de cheart ag gach duine saoirse tuairimíochta a bheith acu.

# Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine

## Tá sé de cheart ag gach duine:

1. A bheith saolaithe saor, comhionann agus le dínit.
2. Nach gcaithfí leo go claonta ar aon chúis.
3. A bheith beo agus maireachtáil i saoirse agus i sábháilteacht.
4. A bheith saor.
5. A bheith saor ó ghortú agus ó chéasadh.
6. A bheith aitheanta os comhair an dlí.
7. Cothromaíocht agus an chosaint chéanna a fháil os comhair an dlí.
8. Cúnamh dlíthiúil a lorg nuair nach n-aithnítear cearta an duine.
9. A bheith saor ó ghabháil nó ó imtheorannú éagórach.
10. Éisteacht chothrom agus phoiblí a fháil.
11. Go gcaithfí leo go bhfuil siad neamhchiontach go dtí go gcruthaítear a mhalairt.
12. Príobháideacht a bheith acu.
13. Saoirse taistil a bheith acu.
14. Tearmann a fháil.
15. Náisiúntacht a bheith acu.
16. Pósadh.
17. Maoin a bheith acu.
18. Saoirse smaointeoireachta, saoirse coinsiasa agus saoirse creidimh a bheith acu.
19. Saoirse tuairimíochta a bheith acu.
20. Saoirse comhdhála agus caidrimh a bheith acu.
21. Páirt a ghlacadh sa rialtas.
22. Leas sóisialta a bheith acu.
23. Obair a dhéanamh.
24. Scíth agus siamsaíocht a bheith acu.
25. Caighdeán dóthanach maireachtála a bheith acu.
26. Oideachas a fháil.
27. Páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an phobail.
28. Meas a bheith acu ar an ord sóisialta atá riachtanach chun na cearta seo a fháil.
29. Meas a bheith acu ar chearta daoine eile, ar chearta an phobail agus ar mhaoin phoiblí.
30. Ní fhéadfaidh aon duine an Forógra seo a léamh ar bhealach a d'fhéadfadh cearta agus saoirse daoine eile a chur i mbaol.

# Cártaí Meaitseála

Ceacht 1 Lesson




**Reiligiún**

Tá sé de cheart ag gach duine a gcreideamh a chleachtadh

1

**1 = L**




Ceacht 1 Lesson



**Scíth agus Caitheamh Aimsire**

Tá sé de cheart ag gach duine a scíth a ligean

2

**2 = M**




Ceacht 1 Lesson



**Maoin**

Tá sé de cheart ag gach duine maoin a shealbhú

3

**3 = G**




Ceacht 1 Lesson



**Sealúchais**

Tá sé de cheart ag gach duine sealúchais a bheith acu

4

**4 = O**




Ceacht 1 Lesson



**Difríochtaí**

Tá gach duine saor agus ar comhchéim

5

**5 = E**



Ceacht
Lesson 1



## Scoil

Tá sé de cheart ag gach duine freastal ar scoil

6

**6 = K**




Ceacht
Lesson 1



## Seirbhísí Sláinte

Tá sé de cheart ag gach duine cúram sláinte a fháil

7

**7 = I**




Ceacht
Lesson 1



## Pósadh

Tá sé de cheart ag gach duine pósadh

8

**8 = J**




Ceacht
Lesson 1




## Rialtas

Tá sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh i rialtas na tíre

9

**9 = P**




Ceacht
Lesson 1



## Agóid

Tá sé de cheart ag gach duine agóid a dhéanamh

10

**10 = F**



Ceacht Lesson 1



**Tuairimí**

Tá saoirse cainte ag gach duine

11

**11 = R**

Ceacht Lesson 1



R

Ceacht Lesson 1



**Náisiúntacht**

Tá ceart náisiúntachta ag gach duine

12

**12 = H**

Ceacht Lesson 1




H

Ceacht Lesson 1



**Coinsias**

Tá sé de cheart ag gach duine réasún agus coinsias a úsáid

13

**13 = N**

Ceacht Lesson 1



N

Ceacht Lesson 1



**Vótáil**

Tá sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh i dtoghcháin

14

**14 = S**

Ceacht Lesson 1



S

Ceacht Lesson 1



**Oideachas**

Tá sé de cheart ag gach duine oideachas a fháil

15

**15 = T**

Ceacht Lesson 1



T

Ceacht 1 Lesson



## Cineáltas

Tá sé de cheart ag gach duine aire agus grá a fháil

16

**16 = D**

Ceacht 1 Lesson



D

Ceacht 1 Lesson



## Taisteal

Tá sé de cheart ag gach duine dul ag taisteal

17

**17 = C**

Ceacht 1 Lesson



C

Ceacht 1 Lesson



## Cóir

Tá sé de cheart ag gach duine cothomaíocht a fháil sna cúirteanna

18

**18 = U**

Ceacht 1 Lesson



U

Ceacht 1 Lesson



## Tionóil

Tá sé de cheart ag gach duine casadh le daoine eile

19

**19 = Q**

Ceacht 1 Lesson



Q

Ceacht 1 Lesson



## Fostaíocht

Tá sé de cheart ag gach duine obair a bheith acu

20

**20 = B**

Ceacht 1 Lesson



B

# Ceacht 2

## Féiniúlacht, Náisiúntacht agus Cultúr an Duine

**Aidhm:** Go dtuigfeadh na daltaí an tábhacht a bhaineann le féiniúlacht, náisiúntacht agus cultúr an duine.

**Torthaí Foghlama:**
Ag deireadh an cheachta, beidh na daltaí in ann:

- Na hairteagail ó Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) a bhaineann le náisiúntacht a aithint i.e. Airteagail 2, 15 agus 19.
- Gnéithe féiniúlachta/náisiúntachta a aithint agus a thuiscint.
- Tábhacht na féiniúlachta a thuiscint.

## Riachtanais don Rang

- Seit de 30 cárta le pictiúir a bhaineann le náisiúntacht.
  - Tá an 30 cárta i mbosca beag agus 'Ceacht 2' scríofa orthu.
  - Tá na daltaí le roinnt i ngrúpaí de chúigear agus tá 5 chárta le tabhairt do gach grúpa.
  - Tá uimhir ar gach cárta sa chaoi is gur féidir leis an múinteoir a chinntiú go mbeidh 30 cárta curtha ar ais sa bhosca ag deireadh an cheachta.
  - Tá na cártaí le feiceáil sa leabhrán seo ar mhaithe le cabhrú leis an múinteoir.

- Seit de 6 thasc-chárta a bhaineann le Marsaigh.
  - Tá 6 tasc-chárta sa mhála phlaisteach agus 'Ceacht 2' scríofa orthu.
  - Tabhair tasc-chárta amháin do gach grúpa de chúigear daltaí.
  - Tá uimhir ar gach tasc-chárta sa chaoi is gur féidir leis an múinteoir a chinntiú go mbeidh 6 tasc chárta curtha ar ais sa mhála plaisteach ag deireadh an cheachta.
  - Tá na tasc-chártaí le feiceáil sa leabhrán seo ar mhaithe le cabhrú leis an múinteoir.

- Cóip de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) do gach dalta. Ba chóir go mbeadh sé seo acu ó Cheacht 1.

- Bileog Obair Bhaile le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Obair Bhaile le fáil sa leabhrán seo.

- DVD ina dtugtar léargas ar fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann. Tá an ghearrthóg físe dar teideal 'Ceacht 2' ar an DVD le taispeáint don rang.

# Tús an Ranga:

1. Ceistigh na daltaí faoin DUCD:
   - An cuimhin leat cad is brí leis na litreacha DUCD?
   - Cad atá i gceist leis an Dearbhú seo?
   - An féidir leat aon ráiteas ón Dearbhú a lua agus a mhíniú?
   - Iarr ar na daltaí an obair bhaile ó Cheacht 1 a thaispeáint don rang.

2. Roinn na daltaí i ngrúpaí de chúigear agus tabhair cúig phictiúr do gach grúpa ón seit de 30 cárta sa bhosca beag agus "Ceacht 2" scríofa orthu. Iarr ar na daltaí pictiúr a roghnú agus é a phlé leis an ngrúpa ina bhfuil siad.

3. Caithfidh an múinteoir an nasc atá idir na pictiúir a tharraingt le chéile trí cheisteanna a chur ar na daltaí. Is féidir na ceisteanna a leanas a scríobh ar an gclár dubh nó ar an gclár bán.
   - Cén íomhá atá agat?
   - Cén tír as a dtagann an íomhá sin?
   - An raibh tú riamh sa tír sin nó an bhfuil gaolta nó cairde agat ann?
   - Cén ceangal atá idir na pictiúir go léir?

Ba chóir go dtiocfaidís ar chultúr/náisiúntacht mar fhreagra.

# Forbairt an Ranga:

4. Tabhair tasc-chárta amháin de chuid na Marsach do gach grúpa de chúigear agus abair leo go bhfuil 10 nóiméad acu chun an tasc a dhéanamh.

5. Faigh aiseolas ó na grúpaí éagsúla. Scríobh na freagraí ar an gclár bán.

6. Mínigh do na daltaí go bhfuil na gnéithe cultúrtha seo an-tábhachtach dúinn mar go gcuidíonn siad linn ár bhféiniúlacht a thuiscint. Tá gnéithe cultúrtha le fáil i ngach aon tír ar domhan. Tá siad chomh tábhachtach sin go bhfuil cosaint tugtha dóibh sa DUCD.

# Deireadh an Ranga:

7. Iarr ar na daltaí féachaint siar ar na bileoga den DUCD atá acu ó Cheacht 1. Dírigh aird na ndaltaí ar Airteagail 2, 15 agus 19 go háirithe.

8. Taispeáin don rang an DVD, Ceacht 2, *Ár dtír, ár dteanga, ár gcultúr* atá léirithe ag Nuacht TG4/RTÉ. Tá míreanna faoi cheol, stair, pholaitíocht agus spórt sa bhfíseán gearr seo, leis an bhfuaimrian *Éist a Ghrá* leis na Coronas. Tugann an físeán léargas ar fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann. Leanann sé ar feadh 3 nóiméad ach seans gur cheart féachaint air faoi dhó.

9. Obair Bhaile: Tá an Bhileog Obair Bhaile le tabhairt do gach dalta.

# Obair bhaile do Cheacht 2

**Roghnaigh tír amháin nach raibh luaite sa rang inniu. Tarraing nó greamaigh pictiúir sna boscaí seo a chuireann cultúr agus nósanna na tíre sin in iúl.**

Seo iad na cártaí ina léirítear siombailí a bhaineann le náisiúntacht.




Éire





An Fhionlainn




An Iodáil




An Iodáil




An tSín




An tSín





An Iorua




An Fhrainc




An Fhrainc




Na Stáit Aontaithe








**Na Stáit Aontaithe**

**An Rúis**







**An Rúis**

**Ceanada**








**An Astráil**

**An Spáinn**




**An Ghréig**

**An Ísiltír**







**An Ísiltír**

**An tSeapáin**





An tSeapáin




An Éigipt





Albain





An India




An India





Éire




An Danmhairg




An Chéinia





Haváí




Sasana

**Seo iad na tasc-chártaí a bhaineann le Marsaigh.**





Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 1: Marsach agus Cultúr

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais faoi ghnéithe cultúrtha na hÉireann.




Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 2: Marsach agus Bia

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais faoi chúrsaí bia na hÉireann.







Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 3: Marsach agus Spórt

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais faoi chúrsaí spóirt na hÉireann.





Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 4: Marsach agus Caitheamh Aimsire

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais faoi chaitheamh aimsire mhuintir na hÉireann.




Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 5: Marsach agus Siombailí/Comharthaí

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais faoi shiombailí nó faoi chomharthaí tábhachtacha na hÉireann.







Ceacht 2
Lesson 2

## Tasc-chárta 6: Marsach agus Stair

Samhlaigh gur Marsach thú atá tar éis tuirlingt in Éirinn. Fágann tú an spáslong chun eolas a bhailiú ar mhuintir na hÉireann. Caithfidh tú tuairisc a chur ar ais go dtí an spáslong. Scríobh an tuairisc a chuirfeá ar ais mar gheall ar stair na hÉireann.

# Ceacht 3

## Yu Ming Is Ainm Dom

Aidhm: Go dtuigfeadh na daltaí an tábhacht a bhaineann le teanga agus le tuiscint teanga.

**Torthaí Foghlama:**
Ag deireadh an cheachta seo, beidh na daltaí in ann:

- An tábhacht a bhaineann le teanga a thuiscint chun go mbeidh an pictiúr nó an scéal iomlán ar eolas acu.
- Míniú a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn ann nuair nach mbíonn tuiscint ag daoine ar phríomhtheanga na tíre.

## Riachtanais don Rang:

- Dhá seit de thasc-chártaí i dteangacha iasachta gan phictiúir agus le pictiúir.
  - Tá 32 tasc-chárta sa mhála phlaisteach agus ‘Ceacht 3’ scríofa orthu.
  - Tá 8 dtasc-chárta gan phictiúir agus tá 8 dtasc-chárta le pictiúir i ngach aon seit.
  - Tá 2 sheit de na tasc-chártaí ann sa chaoi is go mbeidh dóthain ann le roinnt idir gach beirt daltaí sa rang.
  - Tá uimhir ar gach tasc-chárta sa chaoi is gur féidir leis an múinteoir a chinntiú go mbeidh 16 x 2 tasc-chárta curtha ar ais sa mhála plaisteach ag deireadh an cheachta.
  - Tá na tasc-chártaí le feiceáil sa leabhrán seo ar mhaithe le cabhrú leis an múinteoir.
- Bileog Obair Bhaile le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Obair Bhaile le fáil sa leabhrán seo.
- DVD den ghearrscannán Yu Ming is ainm dom. Tá an ghearrthóg físe dar teideal ‘Ceacht 3’ ar an DVD le taispeáint don rang.
  - Maireann an gearrscannán, atá i nGaeilge den chuid is mó, ar feadh 13 nóiméad.
  - Tá dhá leagan den ghearrscannáin, Yu Ming is ainm dom, ar an DVD. Is féidir leat leagan **gan fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú “Gaeilge” ag tús an DVD nó is féidir leat leagan **le fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú “English”.

## Tús an Ranga:

1. Tosaigh an rang leis an gcluiche "Cogarnaíl Shíneach".
   - Tabhair abairt do dhalta amháin.
   - Cuireann an dalta an abairt sin ar aghaidh go dtí an chéad dalta eile i gcogar.
   - Leantar ar aghaigh leis an gcluiche go dtí go bhfuil an abairt faighte ag gach dalta sa rang.
   - Deir an dalta deireanach an abairt os ard.
   - Iarr ar an gcéad dalta an abairt a tugadh dó nó di a rá ansin go bhfeictear ar tháinig athrú ar an abairt le linn an chluiche.
   - Tosaigh an cluiche arís le habairt nua.
   - Ag an bpointe seo, dírigh aird na ndaltaí ar na deacrachtaí a bhaineann le cumarsáid i.e. an teachtaireacht a chloisteáil, aird a thabhairt uirthi agus í a thuiscint.
   - Céard iad na deacrachtaí a bhí ann? Cén fáth? Samhlaigh nár thuig tú an teachtaireacht ó thaobh teanga de?

## Forbairt an Ranga:

2. Roinn an rang i mbeirteanna. Tabhair tasc-chárta amháin **gan phictiúir** do gach beirt daltaí. Caithfidh dalta A an teachtaireacht atá ar an gcárta a insint do dhalta B. Caithfidh gach beirt daltaí teacht ar chomhaontú maidir leis an méid atá sa teachtaireacht agus é sin a scríobh síos i nGaeilge.
3. Anois tabhair tasc-chárta amháin **le pictiúir** do gach beirt daltaí. Caithfidh dalta A an teachtaireacht atá ar an gcárta a insint do dhalta B. Caithfidh gach beirt daltaí teacht ar chomhaontú maidir leis an méid atá sa teachtaireacht agus é sin a scríobh síos i nGaeilge. Ba chóir go mbeadh sé seo níos éasca dóibh mar go bhfuil pictiúir ar na tasc-chártaí an uair seo.
4. Déan plé leis na daltaí faoi na deacrachtaí a bhí acu na teachtaireachtaí atá i dteangacha iasachta a thuiscint, gan na pictiúir agus leis na pictiúir.
5. Léigh amach na teachtaireachtaí i nGaeilge do na daltaí. Tá siad tugtha i nGaeilge sa leabhrán seo don mhúinteoir. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar na deacrachtaí a bhíonn ag daoine seirbhísí a fháil nuair nach mbíonn príomhtheanga na tíre acu.
6. Deán plé leis na daltaí faoin tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cheart an duine a rogha theanga a labhairt; san áireamh anseo tá an ceart atá ag an duine an Ghaeilge, teanga náisiúnta na hÉireann, a labhairt.
7. Déan plé leis na daltaí faoi chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú go maireann an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht.

## Deireadh an Ranga:

8. Taispeáin an DVD den ghearrscannán *Yu Ming is ainm dom* don rang.
   Céard í teachtaireacht an scannáin?

9. Obair Bhaile: Tá an Bhileog Obair Bhaile le tabhairt do gach dalta.

# Obair bhaile do Cheacht 3

## Dúshlán teanga a bhí agat

**Smaoinigh ar ócáid, b’fhéidir agus tú ar saoire, go raibh tú ag iarraidh tuairim a chur in iúl nó teacht ar sheirbhís riachtanach agus nach raibh príomhtheanga na tíre agat.**

Luaigh an ócáid. ..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

Conas a mhothaigh tú? ..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

Cén chaoi ina raibh tú i mbaol toisc an easpa tuisceana a bhí ort? ..........................................

..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

Mar dhuine nach raibh príomhtheanga na tíre agat, luaigh rud amháin a chuideodh leat sa chás seo.

..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

..........................................................................................

## Cás 1 / Case 1

Ceacht 3
Lesson 3



D’fhág mé mo mhála sa bhaile. Tá m’eochracha faoi ghlas sa teach. Tá eochair ag mo chara ach tá sí ag an ospidéal mar bhain timpiste di. An féidir leat síob chun an ospidéil a thabhairt dom?

**1a Polainnis** Zostawiłem swoją torbę w domu i nie mam pieniędzy. Klucze również zostały w domu. Moja znajoma ma klucz, ale przebywa teraz w szpitalu, ponieważ uległa wypadkowi. Czy mógłby mnie Pan/Pani zawieść do szpitala?

**1b Sínis** 我的包忘在家里了，身上没有带钱。钥匙也锁在了家里。我朋友有一把钥匙，但是她出了意外，现在在医院里。请问您能开车送我去医院吗？

## Cás 2 / Case 2

Ceacht 3
Lesson 3



Ba mhaith liom coinne a dhéanamh leis an dochtúir. Tá pian i mo chos le dhá lá anuas agus ní féidir liom siúl. Ní féidir liom teacht go hoifig an dochtúra toisc nach mbeidh síob agam go dtí an iarnóin.

**2a Svahaílis** Ningependa kupanga miadi na daktari. Nina mguu wenye uchungu kwa siku mbili zilizopita na siwezi kutembea. Siwezi kwenda kwa upasuaji asubuhi kwa sababu sitapata gari hadi jioni.

**2b Gearmáinis** Ich möchte einen Termin beim Arzt vereinbaren. Mein Bein tut seit zwei Tagen weh und ich kann nicht gehen. Morgens kann ich nicht zur Operation kommen, da mich erst am Nachmittag jemand mitnehmen kann.

## Cás 3 / Case 3

Ceacht
Lesson 3





Chaill d'iníon deich lá scoile le linn na míosa seo. Ba mhaith linn go dtiocfá chun na scoile ag a deich a chlog Dé hAoine seo romhainn chun an cás a phlé.

**3a Filipínis** Hindi nakapasok sa paaralan ang iyong anak na babae ng sampung araw sa buwang ito. Nais namin kayong pumunta sa paaralan at talakayin ang usaping ito sa ganap na alas diyes nang umaga ng Biyernes.

**3b Fraincis** Votre fille a manqué l'école pendant dix jours durant le mois. Nous aimerions que vous veniez à l'école vendredi matin à dix heures afin d'en discuter.

## Cás 4 / Case 4

Ceacht
Lesson 3







I gcás tine, ná bain úsáid as an ardaitheoir. Tá an doras ar an gceathrú hurlár faoi ghlas. Ba chóir duit dul amach an taobh clé ón seomra seo.

**4a Hiondúis** आग लगने पर एलिवेटर का इस्तेमाल न करें। चौथे तल का दरवाजा बंद है। आपको इस कमरे के बाईं तरफ से निकलना चाहिए।

**4b Breatnais** Os bydd tân, peidiwch â defnyddio'r lifft. Mae'r drws ar y pedwerydd llawr dan glo. Dylech ddefnyddio allanfa chwith yr ystafell hon.

# Ceacht 4

## Na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le hilteangachas

**Aidhm:** Iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin éagsúla a bhíonn ann mura mbíonn príomhtheanga na tíre agat.

**Torthaí Foghlama:** Ag deireadh an cheachta, tuigfidh na daltaí na buntáistí a bhaineann le teangacha éagsúla a bheith ar do thoil agat agus na dúshláin atá ann mura bhfuil an deis sin agat.

## Riachtanais don Rang:

- DVD de na vox pops atá i nGaeilge. Tá an ghearrthóg físe dar teideal "Ceacht 4" ar an DVD le taispeáint don rang.
    - Tá dhá leagan de na vox pops ar an DVD. Is féidir leat leagan **gan fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú "Gaeilge" ag tús an DVD nó is féidir leat leagan **le fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú "English" ag an tús.
    - Tá an téacs de na vox pops le fáil sa leabhrán seo.
- Bileog Oibre le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Oibre le fáil sa leabhrán seo.

## Tús an Ranga:

1. Iarr ar na daltaí féachaint ar an DVD leis na vox pops.

## Forbairt an Ranga:

2. Tabhair cóip den Bhileog Oibre do gach dalta.

3. Iarr ar na daltaí féachaint ar an DVD arís agus na bileoga a líonadh isteach.

4. Iarr orthu na cosúlachtaí idir na cásanna éagsúla a mhíniú.

5. An bhfuil aon chosúlacht idir na cásanna seo agus na cásanna a léiríodh i gCeacht 3?

6. Sainaithin na dúshláin a bhíonn ag daoine nuair nach mbíonn príomhtheanga na tíre acu. Céard mar gheall ar na buntáistí a bhaineann le teangacha éagsúla a bheith ar do thoil agat?

## Deireadh an Ranga:

7. Obair bhaile: Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de 5 thír ina labhraítear níos mó ná teanga amháin. Is gá na tíortha éagsúla agus na teangacha éagsúla a labhraítear iontu a lua.

## Nótaí don Mhúinteoir:

The teacher should explain the following points to the students:

- Tá níos mó ná 6,500 teanga á labhairt ar fud an domhain agus tá go leor acu sin i mbaol a gcaillte.
- Tá tíortha áirithe ann ina labhraítear níos mó ná teanga amháin ar bhonn forleathan, mar shampla Ceanada, an Bheilg agus an Eilvéis.
- Tá tíortha eile ann ina labhraítear teangacha neamhfhorleathana, mar shampla an Ghaeilge in Éirinn, an Bhreatnais sa Bhreatain Bheag agus Gaeilge na hAlban in Albain.
- Cé gur teanga neamhfhorleathan í an Ghaeilge in Éirinn, is í an chéad teanga oifigiúil í faoi Bhunreacht na hÉireann. Is é an Béarla an dara teanga oifigiúil in Éirinn faoin mBunreacht.
- Labhraítear Gaeilge mar theanga phobail i gceantair Ghaeltachta i 7 gcontae: Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí.
- Tá go leor daoine eile ar fud na tíre a roghnaíonn an Ghaeilge mar ghnáth-teanga labhartha. Tá an Ghaeilge á múineadh i ngach scoil agus sa daonáireamh is déanaí dúirt 1.6 milliún duine go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt.

## Vox pops:

**Seo a leanas an téacs i nGaeilge don mhúinteoir de na vox pops atá ar an DVD.**

### Vox pop 1

Niamh is ainm dom. Tá mé i mo chónaí sa Bhruiséil le mo mhuintir le cúpla bliain anuas ó fuair mo mháthair post anseo.

Bhí sé an-deacair ar scoil ar dtús mar gheall nach raibh aon Fhraincis agam. Bhí deacracht agam na múinteoirí a thuiscint agus bhíodh orm go leor ama a chaitheamh ag aistriú mo chuid leabhair scoile le m’obair baile a dhéanamh.

Cé go raibh na daoine ar scoil an-chairdiúil, ba dheacair cairdeas a dhéanamh gan aon Fhraincis. Ach de réir a chéile, d’éirigh liom an Fhraincis a fhoghlaim agus tá neart cairde ar scoil anois agam.

Táim sásta go ndeachaigh mo mhuintir le cónaí sa Bheilg. Tá Fraincis líofa anois agam agus is breá liom í a úsáid!

## Vox pop 2

Pádraig is ainm dom. Chuaigh mé ar saoire champála go dtí an Spáinn anuraidh le mo mhuintir. Bhain mé an-taitneamh as. Bhí an aimsir ar fheabhas. Bhí an t-ionad campála in aice le trá agus chuaigh mé ag snámh ann gach lá.

Ach bhí mí-ádh orm lá amháin nuair achuir smugairle rón cealg i mo chois – ní dhéanfaidh mé dearmad go deo air – bhí an phian go holc.

B'éigean do m'athair mé a thabhairt go dtí an dochtúir. Ach ba dheacair an rud a bhí orm a mhíniú don dochtúir mar ní raibh aon Spáinnis againn. Ar deireadh, d'éirigh linn an scéal a mhíniú don dochtúir agus fuair mé an leigheas a bhí uaim. Ach dá mba rud é go raibh Spáinnis againn, b'fhusa i bhfad plé leis an dochtúir.

## Vox pop 3

Zina is ainm dom. Tháinig mo mhuintir chun cónaithe i mBaile Átha Cliath ón mBrasaíl cúpla bliain ó shin.

Bhí sé an-deacair orm ar dtús mar ní raibh mé in ann aon rud a thuiscint ar scoil agus bhí deacrachtaí agam cairdeas a dhéanamh le páistí eile. Nuair a bhí mé sa bhaile ní raibh mé in ann mórán a thuiscint ar an teilifís ach an oiread.

Tá an-suim i gceol agam agus theastaigh uaim an pianó a fhoghlaim. D'éirigh le mo mháthair múinteoir ceoil a fháil dom ach arís bhí deacrachtaí agam í a thuiscint. B'éigean do mo mháthair teacht chuig na ranganna pianó in éineacht liom agus cabhrú liom an múinteoir a thuiscint.

Ach tá feabhas mór ar chúrsaí anois. Níl aon deacracht agam níos mó daoine a thuiscint sa tír seo. É sin ráite, is breá liom go bhfuil mo theanga dhúchais féin ón mBrasaíl agam. Sin a labhraímid sa bhaile.

## Vox pop 4

Séamus an t-ainm atá ormsa. Tá cónaí orm sa Ghaeltacht i gContae na Gaillimhe. Gaeilge a labhraímid le chéile sa bhaile agus, nuair a thosaigh mé ar an scoil, ní raibh mórán Béarla agam.

Nuair a bhí mé níos óige, bhí stad i mo chuid cainte agus bhí orm cúnamh a fháil ó theiripeoir cainte. Ach, faraor, ag an am, ní raibh aon teiripeoir thart a raibh Gaeilge aige, mar sin bhí na ranganna i mBéarla. Thagadh mo mháthair in éineacht liom go dtí na ranganna le go bhféadfainn níos mó céille a bhaint as an teiripeoir.

Cé go raibh go leor deacrachtaí ann mar gur Gaeilge amháin a bhí agam, mar sin féin, is breá liom go bhfuil mo theanga dhúchais féin agus Béarla agam. Is Gaeilge a labhraím le mo chlann agus le mo chairde agus is breá liom a bheith ag breathnú ar chláir theilifíse do dhaoine óga ar TG4 ach caithfidh mé a rá nach bhfuil mórán fáilte roimh an nGaeilge i go leor áiteanna.

# Bileog Oibre do Cheacht 4

## Vox Pop 1

Cén t-ainm atá uirthi? ..........

Céard iad na dúshláin a bhí aici le teanga nár thuig sí?

..........

..........

Céard iad na buntáistí a bhaineann le níos mó ná teanga amháin a bheith aici?

..........

..........

## Vox Pop 2

Cén t-ainm atá air? ..........

Céard iad na dúshláin a bhí aige le teanga nár thuig sé?

..........

..........

## Vox Pop 3

Cén t-ainm atá uirthi? ..........

Céard iad na dúshláin a bhí aici le teanga nár thuig sí?

..........

..........

Céard iad na buntáistí a bhaineann le níos mó ná teanga amháin a bheith aici?

..........

..........

## Vox Pop 4

Cén t-ainm atá air? ..........

Céard iad na dúshláin a bhí aige le teanga nár thuig sé?

..........

..........

Céard iad na buntáistí a bhaineann le níos mó ná teanga amháin a bheith aige?

..........

..........

An bhfuil aon deacrachtaí aige go fóill?

..........

..........

# Ceacht 5

## Cairt Cearta Teanga

**Aidhm:** Go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar chearta teanga agus go háirithe ar an gCairt Cearta Teanga oifigiúil ó Oifig an Choimisinéara Teanga.

**Torthaí Foghlama:** Ag deireadh an cheachta, tuigfidh na daltaí:

- Cén bhrí atá le Cairt Cearta Teanga.
- Beidh siad ábalta a gCairt féin a scríobh.
- Beidh eolas acu faoin gCairt Cearta Teanga oifigiúil ó Oifig an Choimisinéara Teanga.

## Riachtanais don Rang:

- Páipéar bán agus pinn dhaite do na daltaí.
- Póstaer mór den *Chairt Cearta Teanga* oifigiúil le crochadh sa seomra ranga. Tá an póstaer seo sa bhosca don mhúinteoir agus tá sé le fáil sa leabhrán seo freisin.
- Póstaer mór den *Chairt Cearta Teanga don Rang* gan aon téacs scríofa air. Tá an Chairt seo le crochadh sa seomra ranga agus tá an Chairt seo le scríobh ag an múinteoir, bunaithe ar na smaointe ó na daltaí. Tá an póstaer seo sa bhosca don mhúinteoir agus tá sé le fáil sa leabhrán seo freisin.

## Tús an Ranga::

1. Cuir i gcuimhne do na daltaí na scéalta a chonaic siad ar na vox pops i gCeacht 4 agus déan plé gairid orthu.

## Forbairt an Ranga:

2 Abair leis na daltaí smaoineamh ar 4 cheart teanga iad féin agus iad a scríobh síos.

3 I gceann cúpla nóiméad, abair leo dul ina mbeirteanna. Tabhair am dóibh na cearta atá scríofa acu a phlé le chéile agus ansin abair leo 5 cheart teanga a aontú idir an bheirt acu.

4 Cuir isteach i ngrúpa de sheisear ansin iad. Abair leo breathnú ar na cearta teanga atá scríofa ag gach beirt sa ghrúpa. Caithfidh an grúpa teacht ar chomhaontú maidir le 5 – 7 gcinn de chearta teanga.

5 Tabhair bileog ghlan do gach grúpa chomh maith leis na pinn dhaite. Caithfidh gach grúpa a Chairt Cearta Teanga féin a dhearadh.

6 Nuair a bheidh na Cairteanna uile críochnaithe, tabhair cuireadh do dhalta ó gach grúpa an Chairt a chrochadh ar an mballa agus tabhair deis dóibh breathnú ar na smaointe a bhí ag na grúpaí éagsúla.

7 Cuir ar an mballa an póstaer mór den *Chairt Cearta Teanga don Rang* gan aon téacs scríofa air. Tá an Chairt seo le scríobh ag an múinteoir sa rang, bunaithe ar na smaointe ó na daltaí.

## Deireadh an Ranga:

8. Roimh dheireadh an cheachta, féadfaidh an múinteoir an Chairt Cearta Teanga oifigiúil ó Oifig an Choimisinéara Teanga a chrochadh ar an mballa freisin.

# Nótaí don Mhúinteoir:

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta ag comhlachtaí poiblí.

Is é bunchuspóir an Achta go mbeidh níos mó seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge ón tseirbhís phoiblí. Tugann an tAcht cearta soiléire teanga don phobal agus cuireann sé dualgais reachtúla ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar.

Fiosraíonn Oifig an Choimisinéara Teanga gearáin i gcásanna ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 nó faoi aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge. Cuireann an Oifig comhairle ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga faoin Acht agus cuirtear comhairle ar fáil freisin do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nó faoi obair na hOifige, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga mar seo a leanas:

**An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091 504 006   Glao Áitiúil: 1890 504 006**
**eolas@coimisineir.ie   www.coimisineir.ie**

# CAIRT CEARTA TEANGA

**Tá cosaint déanta ar do chearta teanga faoi Bhunreacht na hÉireann agus faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.**

Ceacht
Lesson 5

**Bunreacht na hÉireann**

**Deir Airteagal 8 den Bhunreacht:**

Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta,
is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
Is é an Béarla an dara teanga oifigiúil.

---

## Acht na dTeangacha Oifigiúla:

**Is iad seo do chearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla:**

**Freagraí i nGaeilge**
Tá sé de cheart agat freagra a fháil i nGaeilge ar litir nó ríomhphost i nGaeilge chuig comhlachtaí poiblí.

**Cora poist**
Tá sé de cheart agat cora poist ó chomhlachtaí poiblí a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla. Is eolas ginearálta a chuirtear chuig an bpobal iad cora poist.

**An Ghaeilge sna Cúirteanna**
Tá sé de cheart agat an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt.

**Doiciméid i nGaeilge**
Tá sé de cheart agat a bheith ábalta doiciméid thábhachtacha ar nós tuarascálacha bliantúla a fháil ó chomhlachtaí poiblí ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

**An Ghaeilge i dTithe an Oireachtais**
Tá sé de cheart ag Teachtaí Dála agus ag Seanadóirí an Ghaeilge a úsáid i dTithe an Oireachtais.

**Comharthaíocht**
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na comharthaí atá curtha in airde ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

**Achtanna an Oireachtais**
Tá sé de cheart agat a bheith ábalta Achtanna an Oireachtais a fháil ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.

**Fógairtí taifeadta béil**
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil na fógairtí taifeadta béil atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí le cloisteáil i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla ar ghutháin.

**Stáiseanóireacht**
Tá sé de cheart agat a bheith ag súil leis go bhfuil an nóta-pháipéar atá in úsáid ag comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla.

**Gearáin**
Má tá gearán agat faoi do chearta teanga, déanfaidh ár n-Oifig do ghearán a fhiosrú.

**Seirbhísí atá aontaithe trí scéimeanna teanga**
Tá sé de cheart agat tuilleadh seirbhísí a fháil trí Ghaeilge mar atá aontaithe ag comhlachtaí poiblí i scéimeanna teanga. Aontaíonn comhlachtaí poiblí faoi na scéimeanna teanga i bhfad níos mó seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge ná iad siúd atá liostaithe anseo.

**Comhairle**
Is féidir leat comhairle a fháil ónár n-Oifig maidir le do chearta teanga.

An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

**AG COSAINT CEARTA TEANGA**

# CAIRT CEARTA TEANGA DON RANG

Ceacht Lesson 5

An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

AG COSAINT CEARTA TEANGA

# Ceacht 6

## Oifig an Choimisinéara Teanga

**Aidhm:** Go mbeadh eolas agus tuiscint ag na daltaí ar Oifig an Choimisinéara Teanga agus ar an obair a dhéanann an Oifig.

**Torthaí Foghlama:** Ag deireadh an cheachta, beidh tuiscint ag na daltaí:

- Ar obair Oifig an Choimisinéara Teanga.
- Ar an mbealach ina bhfuil cosaint tugtha don Ghaeilge faoin dlí.

## Riachtanais don Rang:

- DVD den dráma atá i nGaeilge. Tá an ghearrthóg físe dar teideal 'Ceacht 6' ar an DVD le taispeáint don rang.
  - Tá dhá leagan den dráma ar an DVD. Is féidir leat leagan **gan fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú "Gaeilge" ag tús an DVD nó is féidir leat leagan **le fotheidil i mBéarla** a fháil má roghnaíonn tú "English" ag an tús.
  - Tá an téacs i nGaeilge don dráma tugtha don mhúinteoir sa leabhrán seo.
- Bileog Oibre le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Oibre le fáil sa leabhrán seo.
- Pinn dhaite agus páipéar bán do na daltaí.
- Póstaer mór den *Chairt Cearta Teanga* oifigiúil le crochadh sa seomra ranga. Tá an póstaer seo sa bhosca don mhúinteoir.
- Póstaer mór den *Chairt Cearta Teanga don Rang* le crochadh sa seomra ranga. Scríobh an rang an Chairt seo sa cheacht deiridh.

## Tús an Ranga:

1. Ag tús an cheachta, tabhair chun cuimhne an obair a rinneadh ar an gCairt Cearta Teanga don Rang an tseachtain seo caite. Tarraing aird na ndaltaí ar an gCairt oifigiúil ó Oifig an Choimisinéara Teanga agus ar an gcosaint atá ag an nGaeilge faoi Bhunreacht na hÉireann.

## Forbairt an Ranga:

2. Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag féachaint ar dhráma ina ndéantar cur síos ar obair Oifig an Choimisinéara Teanga agus go mbeidh Bileog Oibre le freagairt acu.

3. Cuir an DVD ar siúl don rang.

4. Tabhair amach an Bhileog Oibre do gach dalta agus cuir an DVD ar siúl an athuair.

5. Téigh trí na freagraí atá tugtha ag na daltaí ar an mBileog Oibre.

## Deireadh an Ranga:

6. Roinn na daltaí i ngrúpaí agus tabhair tasc amháin do gach grúpa, mar shampla:
   - Póstaer a dhearadh ina dtugtar eolas maidir le hOifig an Choimisinéara Teanga agus conas teagmháil a dhéanamh leo.
   - Bileog eolais a dhearadh ina dtaispeántar na céimeanna éagsúla a leanann Oifig an Choimisinéara Teanga tar éis dóibh gearán a fháil.
   - Mana a chumadh a bheadh feiliúnach d'Oifig an Choimisinéara Teanga.
   - Clúdach don DVD a dhearadh a bheadh feiliúnach d'Oifig an Choimisinéara Teanga.
   - Dráma a scríobh maidir le gearán atá ag an ngrúpa faoi chearta teanga.

# Dráma maidir le hOifig an Choimisinéara Teanga

### Seo a leanas téacs an dráma ar an DVD.

### Réamhrá:

| | |
|---|---|
| An Coimisinéir Teanga: | "Seán Ó Cuirreáin is ainm domsa. Cheap Uachtarán na hÉireann mé mar an chéad Choimisinéir Teanga sa bhliain 2004. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an dráma gairid seo a thugann léargas ar obair na hOifige seo." |

### Radharc 1:

*An gearánach ag siúl isteach in oifig phoiblí chun cárta aitheantais a fháil i nGaeilge.*

| | |
|---|---|
| Áine: | "Dia duit. Teastaíonn cárta aitheantais uaim i nGaeilge le do thoil." |
| Oifigeach: | "I'm sorry, I've no Irish. How can I help you?" |
| Áine: | "Oh! So I suppose you want me to speak in English then. I'd like to get an ID card in Irish please." |
| Oifigeach: | "Right, well, you'll have to fill out one of these forms but I'm not sure that the card will be in Irish. " (Tugann sí foirm i mBéarla d'Áine) |
| Áine: | "Can I get this form in Irish please?" |
| Oifigeach: | "I don't think we have them in Irish." |
| Áine: | "Oh! Well, you see, I really need this ID card as soon as possible and I can't wait for you to get the Irish version." |
| Oifigeach: | "Well, do you want to give me your details and I can input them straight into the computer. What's your name please?" |
| Áine: | "Áine de Búrca." |
| Oifigeach: | "What's that in English?" |
| Áine: | "My name is in Irish. I don't use the English version of it." |
| Oifigeach: | "How do you spell it?" |
| Áine: | "Áine de Búrca." |
| Oifigeach: | "OK. I think I've got that. I do have to tell you though that our computer system which creates the ID card doesn't necessarily deal with the fada." |

Áine: "Ok, well I'm very unhappy about this; that means my name is going to be spelled incorrectly on the card."

Oifigeach: "Well there's not much I can do about that."

Áine: Well, I think I'm going to have to make a complaint then."

## Radharc 2:

*Áine ag siúl amach as an oifig agus í ag cur glaoch ar a fón póca ar Oifig an Choimisinéara Teanga. Freagraíonn Niamh atá ag obair in Oifig an Choimisinéara Teanga. Niamh le feiceáil ina suí ag ríomhaire agus an fón ina láimh aici.*

Niamh: "Dia duit. Oifig an Choimisinéara Teanga anseo. Niamh ag caint."

Áine: "Dia duit. Is mise Áine de Búrca. Bhí mé ag iarraidh cárta aitheantais a fháil i nGaeilge ach ní raibh mé in ann. Céard is féidir a dhéanamh faoi seo?"

Niamh: "Cuirfidh mé tríd thú chuig Sinéad Ní Chathasaigh agus beidh sí in ann déileáil le do ghearán."

Áine: "Ó, iontach, go raibh míle maith agat."

## Radharc 2B:

*Sinéad le feiceáil san oifig ag freagairt an ghutháin.*

Sinéad: "Tuigim go dteastaíonn uait gearán a dhéanamh".

Áine: "Bhí mé ag iarraidh cárta aitheantais a fháil i nGaeilge le m'ainm air i nGaeilge ach ní raibh mé in ann. Ní raibh an fhoirm iarratais acu i nGaeilge ach an oiread".

Sinéad: "An féidir leat an t-eolas go léir a chur chugam le do thoil?"

Áine: "Cuirfidh mé ríomhphost chugat. Cén seoladh ríomhphoist atá agaibh?"

Sinéad: "Cuir an ríomhphost chuig eolas@coimisineir.ie. Tabhair dom an t-eolas ar fad faoin méid a tharla agus rachaimid i dteagmháil leis an gcomhlacht poiblí maidir leis seo. Tiocfaidh mé ar ais chugat i ndiaidh dom do ghearán a fhiosrú."

Áine: "Go raibh míle maith agat. Slán go fóill."

## Radharc 3:

*Radharc de sheomra in oifig. Ríomhaire glúine agus comhaid ar an mbord. Tá Oifigeach Gaeilge an chomhlachta phoiblí, Diarmuid Mac Eoin, ag suí os comhair Shéamuis Uí Chonghaile ó Oifig an Choimisinéara Teanga.*

Séamus: "Dia duit; is mise Séamus Ó Conghaile ó Oifig an Choimisinéara Teanga."

Diarmuid: "Dia is Muire duit, a Shéamuis; is mise Diarmuid Mac Eoin, an tOifigeach Gaeilge sa chomhlacht poiblí seo."

Séamus: "Is deas casadh leat, a Dhiarmuid. Is é an ról atá agamsa le hOifig an Choimisinéara Teanga ná a chinntiú go bhfuil an scéim teanga á cur i bhfeidhm mar is ceart. Anois, is léir ó mo chuid fiosrúchán go bhfuil go leor dul chun cinn déanta agaibh maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Ach, tá deacrachtaí ann fós."

Diarmuid: "Bhuel, tá an suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na bileoga eolais agus na foirmeacha iarratais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla agus tá seirbhís chuntair i nGaeilge ar fáil in oifigí áirithe."

*Feictear iad ag labhairt lena chéile agus iad ag cur tic le liosta anois is arís.*

| | |
|---|---|
| Séamus: | "Anois, ar ábhar eile, tá gearán tagtha isteach chuig Oifig an Choimisinéara Teanga ó dhalta scoile a raibh deacrachtaí aici cárta aitheantais a fháil i nGaeilge. Ní raibh an gearánach in ann foirm iarratais a fháil i nGaeilge agus dúradh léi nach raibh an córas ríomhaireachta atá agaibhse in ann déileáil leis an síneadh fada." |
| Diarmuid: | "Bhuel, ba chóir go mbeadh na foirmeacha iarratais ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Maidir leis an gcóras ríomhaireachta, beidh orm an scéal sin a fhiosrú duit mar níl mé ró-chinnte faoi." |
| Séamus: | "Chomh maith leis sin, thug sí faoi deara go raibh na comharthaí uile a bhí san oifig i mBéarla amháin." |
| Diarmuid: | "Ba chóir go mbeadh na comharthaí in airde go dátheangach." |
| Séamus: | "Ba chóir. Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí comharthaí a bheith in airde acu (i nGaeilge nó) i nGaeilge agus i mBéarla." |
| Diarmuid: | "Bhuel, mar a deirimse, tiocfaidh mé ar ais chugat maidir leis na rudaí sin go léir." |

### Radharc 4:

*Radharc d'Áine in éineacht le cara léi.*

| | |
|---|---|
| Áine: | "Breathnaigh. Tháinig mo chárta aitheantais sa phost inniu. Tá sé uile i nGaeilge." |
| Risteard: | "Tá sé sin thar cionn. Caithfidh mise mo chárta aitheantais a fháil. An bhfuil d'ainm litrithe i gceart acu?" |
| Áine: | "Tá. Creid nó ná creid é, tá chuile shórt i gceart ar an gcárta sin, fiú m'ainm!" |

## Nótaí don Mhúinteoir:

Leagann Acht na dTeangacha Oifigiúla dualgais dhíreacha ar chomhlachtaí poiblí, mar atá:

- Litir nó ríomhphost i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge.
- Cora poist a eisiúint ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla. Is eolas ginearálta a chuirtear chuig an bpobal iad cora poist.
- Doiciméid thábhachtacha ar nós tuarascálacha bliantúla a sholáthar ag an am céanna i nGaeilge agus i mBéarla.
- Comharthaí a chur in airde i nGaeilge agus i mBéarla.
- Stáiseanóireacht a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla.
- Fógairtí taifeadta béil a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla, mar shampla ar ghutháin.

Sa bhreis ar na dualgais dhíreacha faoin Acht, leagtar tuilleadh dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi scéimeanna teanga. Is ionann scéim teanga agus plean reachtúil teanga ina gcuirtear síos ar na seirbhísí i nGaeilge a sholáthraíonn an comhlacht poiblí (mar shampla seirbhís duine le duine, suíomh gréasáin, foirmeacha iarratais srl) agus mar a fhorbrófar iad in imeacht tréimhse trí bliana.

Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht ar na comhlachtaí poiblí le cinntiú go bhfuil na scéimeanna teanga á gcur i bhfeidhm.

# Bileog Oibre do Cheacht 6

1. Cad iad na deacrachtaí a bhí ag Áine de Búrca agus í ag iarraidh cárta aitheanta is a fháil i nGaeilge ?

2. Cén gearán a bhí ag Áine de Búrca?

3. Cad a d'iarr Sinéad Ní Chathasaigh ar Áine a dhéanamh?

4. Cén ról atá ag an bhfear ó Oifig an Choimisinéara Teanga, Séamus Ó Conghaile?

5. Ainmnigh TRÍ rud atá déanta ag an gcomhlacht poiblí chun a scéim teanga a chur i bhfeidhm?

6. Cén chaoi ar réitíodh gearán Áine?

# Ceacht 7

## An Ghaeilge thart timpeall orainn

**Aim:**
Go spreagfar na daltaí le bheith eolach faoin tábhacht a bhaineann le teangacha agus an t-aitheantas ba chóir a thabhairt do chearta teanga daoine eile.
Go mbeadh na daltaí in ann nasc a dhéanamh idir an méid atá foghlamtha acu go dtí seo agus úsáid na Gaeilge ina dtimpeallacht féin.

**Torthaí Foghlama:** Beidh na daltaí in ann Acht na dTeangacha Oifigiúla a fheiceáil ag feidhmiú ó lá go lá.

## Riachtanais don Rang:

- Pinn dhaite agus páipéar bán do na daltaí.
- Póstaer mór maidir le comharthaíocht le crochadh sa seomra ranga. Tá an póstaer seo sa bhosca don mhúinteoir agus tá sé le fáil sa leabhrán seo freisin.
- Póstaer mór maidir le stáiseanóireacht le crochadh sa seomra ranga. Tá an póstaer seo sa bhosca don mhúinteoir agus tá sé le fáil sa leabhrán seo freisin.
- Bileog Oibre le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Oibre ar fáil sa leabhrán seo.
- Cártaí le tabhairt do gach grúpa. Tá na cártaí ar fáil sa leabhrán seo.
- Clár dubh nó clár bán don mhúinteoir.

## Tús an Ranga:

1. Scríobh an treoir seo a leanas ar an gclár dubh nó bán maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht.

   Seo an treoir do chomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht:
   - Beidh an téacs i nGaeilge ar dtús.
   - Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach leis an téacs i mBéarla.
   - Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú ó thaobh méide de ná na litreacha sa téacs i mBéarla.
   - Ní dhéanfar focal i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal Béarla giorraithe freisin.
   - Caithfidh an litriú a bheith i gceart.
   - Is féidir leis an téacs a bheith i nGaeilge amháin ach ní féidir leis an téacs a bheith i mBéarla amháin.
   - Cuirfidh an téacs i nGaeilge an fhaisnéis céanna in iúl is a chuireann an téacs i mBéarla. Seachas an treoir thuas a scríobh ar an gclár dubh nó bán, d'fhéadfadh an múinteoir an treoir a mhíniú trí na póstaeir a thaispeáint do na daltaí.

## Forbairt an Ranga:

2. Tabhair amach an Bhileog Oibre do na daltaí agus abair leo na botúin a aimsiú.

3. Ceartaigh na botúin in éineacht leis na daltaí.

4. Cuir na daltaí i ngrúpaí agus abair leo go bhfuil orthu stáiseanóireacht nó comharthaíocht a dhearadh a bheadh feiliúnach do chomhlachtaí poiblí ar leith. Caithfidh siad cloí leis an treoir a tugadh dóibh ag tús an ranga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

5. Tabhair cárta do gach grúpa ar a bhfuil eolas faoi chomhlachtaí poiblí ar leith a gcaithfidh siad stáiseanóireacht nó comharthaíocht a dhearadh dóibh. Tá sonraí tugtha sa leabhrán seo maidir le comhlachtaí poiblí ar leith ach d'fhéadfadh an múinteoir samplaí de chomhlachtaí poiblí áitiúla a úsáid, mar shampla an t-ospidéal, an Coiste Gairmoideachais, an t-údarás áitiúil, stáisiún an Gharda Síochána, an leabharlann, Teach na Cúirte nó d'fhéadfadh na daltaí stáiseanóireacht nó comharthaíocht a dhearadh don scoil.

## Deireadh an Ranga:

6. Cuir obair na ndaltaí ar taispeáint ar an mballa sa seomra ranga taobh leis na póstaeir maidir le comharthaíocht agus stáiseanóireacht.

## Nótaí don Mhúinteoir:

Tá an Ghaeilge á labhairt anseo le thart ar 2,000 bliain. Is teanga náisiúnta na hÉireann í agus tá sí i gcroí lár ár bhféiniúlachta. Ar nós gach teanga eile, is cuid luachmhar í d'oidhreacht dhomhanda ach dála go leor teangacha neamhfhorleathana eile, tá stádas leochaileach aici.

Tugadh Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí i nGaeilge ar fáil níos forleithne, go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo agus go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí.

Is le comhlachtaí poiblí amháin a bhaineann Acht na dTeangacha Oifigiúla. Níl aon bhaint ag an Acht le comhlachtaí príobháideacha.

Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh comhlachtaí poiblí cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht orthu le cinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an Acht.

Tagann tuairim is 650 comhlacht poiblí faoin Acht, ina measc na ranna rialtais, na húdaráis áitiúla, na hinstitiúidí tríú leibhéal, na Coistí Gairmoideachais, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá rialacha ar leith faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le stáiseanóireacht agus comharthaíocht. Is é an chúis atá leis seo ná le cinntiú go bhfuil an Ghaeilge in úsáid go feiceálach ag comhlachtaí poiblí ina gcuid stáiseanóireachta agus comharthaíochta.

# Bileog Oibre do Cheacht 7

An bhfuil na comharthaí seo ceart nó mícheart?
Cuir ✔ sa bhosca má tá an comhartha ceart agus ✗ má tá sé mícheart.

**1**

AN ROINN EOLAIS
*THE DEPARTMENT OF INFORMATION*

☐

**2**

Comh. Baile an Chaisleáin
Castle Town Council

☐

**3**

**An Roinn Eolais**
**The Department of Information**
This department is charged with ensuring that the population is informed of all changes to current procedures.

☐

**4**

***STAFF RESTAURANT***

☐

**5**

**Uaireanta oscailte**
Luan - Aoine , 9.00 - 17.30

◁ **Fáiltiú** **Carrchlós** ▷

☐

**6**

**Bealach Éalite**
Cosc ar Pháirceáil sa lá nó istoíche

**Emergency Exit**
No Parking day or night

☐

**7**

◀ *Ionad Athchúrsála*
***RECYCLING CENTRE***

*Carrchlós do Chuairteoirí*
***VISITORS PARKING*** ▶

☐

**8**

**Uaireanta oscailte**
Luan - Aoine , 9.00 - 17.30

***Opening hours***
*Monday - Friday, 9.00 - 17.30*

◁ **Fáiltiú** **Carrchlós** ▷

◁ **Reception** **Carpark** ▷

☐

# Freagraí don Bhileog Oibre ar leathanach 43

1. Ceart - Tá an téacs i nGaeilge ann ar dtús; tá sé chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite leis an téacs i mBéarla agus cuireann sé an fhaisnéis chéanna in iúl.

2. Mícheart - Tá focal sa téacs i nGaeilge giorraithe agus níl bhfuil an focal sin giorraithe sa téacs i mBéarla. (Comh. scríofa in ionad Comhairle)

3. Mícheart - Ní chuireann an téacs i nGaeilge an fhaisnéis chéanna in iúl is a chuireann an téacs i mBéarla.

4. Mícheart – Is féidir leis an téacs a bheith i nGaeilge amháin ach ní féidir leis an téacs a bheith i mBéarla amháin.

5. Ceart – Is féidir leis an téacs a bheith i nGaeilge amháin.

6. Mícheart – Litriú mícheart (Bealach Éalaithe ba chóir a bheith scríofa in ionad Bealach Éalite).

7. Mícheart – Níl an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla.

8. Ceart - Tá an téacs i nGaeilge ann ar dtús; tá sé chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite leis an téacs i mBéarla agus cuireann sé an fhaisnéis chéanna in iúl.

# Cártaí do Cheacht 7

Ba chóir don mhúinteoir na cártaí seo a ghearradh agus cárta amháin i nGaeilge agus i mBéarla a thabhairt do gach grúpa sa chaoi is gur féidir leo stáiseanóireacht agus comharthaíocht a dhearadh atá oiriúnach don chomhlacht poiblí atá liostaithe ar an gcárta.

| | |
|---|---|
| Cléireach na Dála<br>Tithe an Oireachtais<br>Teach Laighean<br>Baile Átha Cliath 2 | The Clerk of the Dáil<br>Houses of the Oireachtas<br>Leinster House<br>Dublin 2 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí<br>Teach na Mílaoise<br>52-56 Sráid na Trá Móire<br>Baile Átha Cliath 1 | Ombudsman for Children's Office<br>Millennium House<br>52-56 Great Strand Street<br>Dublin 1 |
| Raidió Teilifís Éireann<br>Domhnach Broc<br>Baile Átha Cliath 4 | Raidió Teilifís Éireann<br>Donnybrook<br>Dublin 4 |
| An Bainisteoir Contae<br>Comhairle Contae na Gaillimhe<br>Áras an Chontae<br>Cnoc na Radharc<br>Gaillimh | The County Manager<br>Galway County Council<br>County Buildings<br>Prospect Hill<br>Galway |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh<br>Bóthar na Sceiche Airde<br>Corcaigh | Central Statistics Office<br>Skehard Road<br>Cork |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Luain<br>Co. na hIarmhí | Athlone Institute of Technology<br>Dublin Road<br>Athlone<br>Co. Westmeath |
| Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara | National University of Ireland, Maynooth<br>Maynooth<br>Co. Kildare |

Ceacht 7
Lesson

# RIALACHA COMHARTHAÍOCHTA

## FAOI ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA





















An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006
eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie

AG COSAINT CEARTA TEANGA

Ceacht 7
Lesson

# RIALACHA STÁISEANÓIREACHTA

## FAOI ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA

Ainm an chomhlachta phoiblí tugtha go dátheangach

An Ghaeilge ar dtús

An Ghaeilge chomh feiceálach leis an mBéarla

An téacs i nGaeilge chomh mór leis an mBéarla




An t-eolas céanna i nGaeilge agus i mBéarla

Mana dátheangach nó i nGaeilge amháin

# Ceacht 8

## Dul Siar agus Ceisteanna Scrúdaithe

**Aidhm:**
Eolas a thabhairt do dhaltaí maidir leis an gcineál ceisteanna a bhíonn ar an bpáipéar scrúdaithe.

**Torthaí Foghlama:** Beidh foilseachán de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga feicthe ag na daltaí agus beidh sampla de cheisteanna scrúdaithe cleachta acu.

## Riachtanais don Rang:

- DVD den fhógrán teilifíse atá ag Oifig an Choimisinéara Teanga. Tá an ghearrthóg físe dar teideal 'Ceacht 8' ar an DVD le taispeáint don rang.
    - Is é an fear grinn Des Bishop atá san fhógrán teilifíse. Maireann an fógra ar feadh 30 soicind agus tá sé i nGaeilge amháin.
    - Tá an script don fhógrán le fáil sa leabhrán seo.
- Póstaer mór dar teideal *"Ar mhaith leat tuilleadh úsáide a bhaint as do chuid Gaeilge"* le crochadh sa seomra ranga.
- Bileog Eolais le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta. Tá an Bhileog Eolais le fáil sa leabhrán seo agus mar phóstaer sa bhosca don mhúinteoir.
- Bileog Oibre dar teideal Ceisteanna Scrúdaithe le fótachóipeáil ag an múinteoir do gach dalta.
Tá an Bhileog Oibre le fáil sa leabhrán seo.

## Tús an Ranga:

1. Iarr ar na daltaí féachaint ar an DVD den fhógrán teilifíse.
Labhair leo maidir leis an méid atá feicthe san fhógrán acu.

### Fógrán teilifíse Oifig an Choimisinéara Teanga

Teanga bheo, nua-aimseartha í an Ghaeilge.
Tá na deiseanna í a úsáid le heagraíochtaí stáit ag méadú an t-am ar fad.
Má theastaíonn tuilleadh eolais uait faoi do chearta teanga, tá Oifig an Choimisinéara Teanga ansin le cabhrú leat.

Is é do rogha í a labhairt.
Is é do cheart í a úsáid.

An Coimisinéir Teanga.
Ag cosaint cearta teanga.

## Forbairt an Ranga:

2. Tabhair cóip den bhileog eolais do gach dalta.

3. Tabhair cóip den bhileog oibre dar teideal *Ceisteanna Scrúdaithe* do gach dalta.

## Deireadh an Ranga:

4. Iarr ar na daltaí na ceisteanna scrúdaithe a fhreagairt.


## Nótaí don Mhúinteoir:

Is é an duine atá sa ghrianghraf sna Ceisteanna Scrúdaithe ná Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga. Bhí sé le feiceáil sa réamhrá don dráma ar an DVD a taispeánadh i gCeacht 6.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nó faoi obair na hOifige, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Teanga mar seo a leanas:

**An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091 504 006 Glao Áitiúil: 1890 504 006**
**eolas@coimisineir.ie www.coimisineir.ie**

## Bileog Eolais do Cheacht 8



# Bileog Oibre do Cheacht 8: Ceisteanna Scrúdaithe

## CUID A HAON

1. Cé a d'fhoilsigh an bhileog seo? ..............................

2. Céard í an teachtaireacht is tábhachtaí sa bhileog? ..............................

..............................

3. Céard iad na cearta atá agat maidir leis an nGaeilge? ..............................

..............................

4. Cén chaoi ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifig seo? ..............................

..............................

## CUID A DÓ

1. Cé hé an duine seo? ..............................



2. Tugtar Oifig an C .............................. T .............................. ar an oifig a dhéanann cearta teanga a chosaint.

3. Tugtar cosaint do chearta teanga faoi Acht na dT .............................. O ..............................

4. Luaigh dhá ghníomh a d'fhéadfadh do scoilse a dhéanamh chun cearta teanga a chur chun cinn:

..............................

..............................

..............................

..............................

..............................

## CUID A TRÍ

Tá do rang tar éis a bheith ag foghlaim faoi chearta agus dualgais mar chuid den chúrsa OSSP agus dhírigh sibh ar chearta teanga go háirithe.

a. Scríobh óráid ghearr le haghaidh tionól scoile agus mínigh san óráid sin an fáth a bhfuil cearta teanga tábhachtach. Tabhair trí (3) chúis i do fhreagra.

b. Seachas óráid a thabhairt ag an tionól scoile, déan cur síos ar thrí (3) shlí a bhféadfadh do rang daoine a chur ar an eolas maidir le cearta teanga.

c. Ainmnigh agus mínigh dhá (2) scil a d'úsáidfeá féin agus na daltaí eile sa rang agus sibh ag cur daoine ar an eolas maidir le cearta teanga.

# Tionscadail Ghníomhaíochta

Tugann an chuid seo den chúrsa deis do na daltaí an t-eolas atá acu ó na ceachtanna a chur i bhfeidhm mar chuid de thionscadail ghníomhaíochta.

## TORTHAÍ FOGHLAMA

Ag deireadh an chúrsa seo, beidh na daltaí in ann tabhairt faoi thionscadail ghníomhaíochta ina leagtar béim ar leith ar chearta teanga.

## LIOSTA DE THIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA

1. Cairt cearta teanga a scríobh don rang.
2. Taispeántas a eagrú maidir le húsáid na Gaeilge timpeall na scoile.
3. Ceiliúradh ar Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine nó ar Lá Eorpach na dTeangacha ar an 26 Meán Fómhair. Ar ndóigh, is féidir an ceiliúradh a eagrú ar aon dáta.
4. Leabhrán le cur le chéile le húsáid i leabharlann na scoile.
5. Cuairt ó Oifig an Choimisinéara Teanga a eagrú.

## NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

- Is feidir an tionscadal a dhéanamh i rith an chúrsa. Ní gá fanacht go dtí go mbeidh na ceachtanna ar fad críochnaithe.
- Tá ceann amháin de na tionscadail thuasluaite leagtha amach céim ar chéim anseo agus tá moltaí tugtha do na cinn eile.
- Seans go mbeidh moltaí eile ag na daltaí do thionscadail ghníomhaíochta agus is féidir leas a bhaint as na moltaí sin freisin ar choinníoll go n-úsáidfear an cur chuige atá tugtha anseo.
- Ba chóir go mbeadh na tionscadail ghníomhaíochta ceangailte leis na ceachtanna atá déanta ag na daltaí maidir le feasacht faoi chearta teanga.
- Ba chóir don rang ar fad a bheith ag obair ar an tionscadal céanna.

## EAGRÚ AN TIONSCADAIL GHNÍOMHAÍOCHTA

- Ba chóir na daltaí a roinnt ina ngrúpaí de choistí éagsúla. Ba chóir go mbeadh tuairim is triúr daltaí ar gach coiste.
- Ba chóir ról ar leith a thabhairt do gach dalta ar na coistí éagsúla.
- Beidh tuairisc le scríobh ag gach coiste faoina ról sa tionscadal.
- Gach seachtain beidh ar gach coiste tuairisc a thabhairt don rang faoin obair atá déanta acu go dtí sin agus faoin obair atá fós le déanamh acu.
- Beidh ar gach dalta sa rang nótaí a choimeád ar an obair atá ar siúl acu fad is atá an tionscadal idir lámha acu.

# 1. Cairt Cearta Teanga don Rang

**Aidhm:**
Go mbeidh na daltaí ábalta cairt cearta teanga a chumadh don rang.

**Coiste Taighde:**
Déanfaidh an grúpa seo taighde faoi na cearta teanga atá riachtanach don rang.

**Coiste Ceisteanna:**
Nuair a bheidh an taighde déanta, beidh ar an ngrúpa seo ceistneoir a chumadh le cur ar dhaltaí eile sa scoil faoi na cearta teanga atá ag teastáil uathu agus a bhraitheann siad nach bhfuil acu faoi láthair.

**Coiste Suirbhé:**
Déanfaidh an grúpa seo suirbhé ar dhaltaí eile sa bhliain nó sa scoil chun an t-eolas cuí faoi chearta teanga a fháil uathu.

**Coiste Torthaí:**
Cuirfidh an grúpa seo na torthaí ar fad ón suirbhé le chéile agus tabharfaidh siad an t-eolas don Choiste Ealaíne.

**Coiste Ealaíne:**
Déanfaidh an grúpa seo póstaeir a dhearadh bunaithe ar na torthaí a bheidh bailithe ón suirbhé.
Liosta Cearta:

- Ceart do theanga féin a úsáid.
- Ceart comharthaí a fheiceáil i do theanga féin.
- Ceart seirbhísí a fháil i do theanga féin.
- Ceart leabhair a fháil i do theanga féin.

# 2. Taispeántas maidir le húsáid na Gaeilge timpeall na scoile

## Nótaí don Mhúinteoir:

- Is féidir taispeántas mar seo a chur in airde sa scoil nó a úsáid do Lá Oscailte sa scoil.
- Sa sampla seo táimid ag baint leasa as nathanna Gaeilge amháin ach, ar ndóigh, is féidir aon teanga eile a úsáid freisin, mar shampla aon teanga eile atá á foghlaim nó á labhairt ag na daltaí sa scoil.

## Aidhm:

Eolas a thabhairt do na daltaí maidir le nathanna Gaeilge is féidir leo a úsáid timpeall na scoile.

## Toradh Foghlama:

Go mbeidh na daltaí ábalta nathanna Gaeilge a úsáid timpeall na scoile.

## Coiste Ceada:

Beidh ar an ngrúpa seo cead a fháil ó phríomhoide na scoile taispeántas a chur in airde sa scoil.
Beidh orthu labhairt ar dtús le rúnaí na scoile chun coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide.

## Coiste Poiblíochta:

Beidh ar an ngrúpa seo cruinniú a eagrú le Comhairle na nDaltaí agus liosta a dhéanamh de na nathanna is féidir leo a úsáid timpeall na scoile. Beidh orthu alt a scríobh d'irisleabhar na scoile ag cur daltaí na scoile ar an eolas faoin obair atá ar siúl acu don tionscadal.

## Coiste Aistriúcháin:

Beidh ar an ngrúpa seo na nathanna a aistriú go Gaeilge.
Ba chóir dóibh comhairle a lorg ó Roinn na Gaeilge / ón múinteoir Gaeilge sa scoil.

## Coiste Taispeántais:

Beidh ar an ngrúpa seo na nathanna a thaispeáint timpeall na scoile.

## Coiste Fótagrafaíochta:

Beidh ar an ngrúpa seo grianghraif a thógáil den taispeántas le húsáid don alt in irisleabhar na scoile nó sa nuachtán áitiúil.

## Coiste Eagraithe:

Nuair a bheidh an t-eolas bailithe, beidh ar an ngrúpa seo an taispeántas a chur i láthair an ranga go foirmiúil agus cuireadh a thabhairt don Cheann Bliana, don Leas-Phríomhoide agus / nó don Phríomhoide chuig lainseáil an taispeántais.

# 3. Ceiliúradh ar Lá na hEorpa nó ar Lá Eorpach na dTeangacha

## Nótaí don Mhúinteoir:

- Is féidir an ceiliúradh seo a dhéanamh ar na laethanta cuí (Lá na hEorpa ar an 9 Bealtaine nó Lá Eorpach na dTeangacha ar an 26 Meán Fómhair) nó is féidir an ceiliúradh a dhéanamh ar aon dáta eile.
- Is féidir taispeántas a chur le chéile faoi chultúr na hEorpa, nó faoi eolas ginearálta atá ag na daltaí faoin Eoraip, nó faoi áit ar thug na daltaí cuairt air mar chuid de thuras scoile.
- Leis an eolas atá bailithe acu, is féidir tráth na gceist a eagrú faoin Eoraip.

## Aidhm:

Go mbeidh eolas ag na daltaí faoi chultúir éagsúla na hEorpa agus na nósanna éagsúla atá ag daoine san Eoraip.

## Coiste Suirbhé:

Beidh ar an ngrúpa seo ceisteanna a chur ar dhaltaí sa rang nó sa scoil faoi na háiteanna san Eoraip ar thug siad cuairt orthu. Ansin beidh orthu eolas nó grianghraif a bhailiú maidir leis na háiteanna seo agus é seo ar fad a thabhairt don choiste taispeántais.

## Coiste Taispeántais:

Nuair a bheidh an t-eolas bailithe, beidh ar an ngrúpa seo é a réiteach don taispeántas.

## Coiste Ealaíne:

Beidh ar an ngrúpa seo bratacha nó pictiúir a aimsiú don taispeántas.

## Coiste Bia:

Beidh ar an ngrúpa seo samplaí de bhia ó thíortha éagsúla a thabhairt isteach sa scoil nó b’fhéidir an bia a ullmhú le cabhair ó Roinn na hEacnamaíochta Baile sa scoil.

## Coiste Aoi-chainteoirí:

Beidh ar an ngrúpa seo cuireadh a thabhairt do dhuine nó do dhaoine sa scoil nó sa cheantar, a rugadh i dtír eile san Eoraip nó a raibh cónaí orthu i dtír eile san Eoraip, teacht chun cainte leis an rang faoina dtaithí sa tír sin.

## Coiste Thráth na gCeist:

Tar éis dóibh eolas faoin Eoraip a bhailiú, is féidir leis an ngrúpa seo tráth na gceist a eagrú chun deis a thabhairt do na daltaí an méid eolais atá foghlamtha acu faoin Eoraip a léiriú.

# 4. Leabhrán le cur le chéile le húsáid i leabharlann na scoile

## Nótaí don Mhúinteoir:

Is feidir leis na daltaí an leabhrán seo i nGaeilge a chur le chéile le húsáid i leabharlann na scoile.

## Aidhm:

Go mbeadh na daltaí in ann:

- Abairtí a bhailiú is féidir a úsáid sa leabharlann.
- Leabhrán a chur le chéile a bheidh úsáideach do dhaltaí sa leabharlann.

## Coiste Taighde:

Beidh ar an ngrúpa seo abairtí a bhailiú a cheapann siad a bhíonn á n-úsáid go minic sa leabharlann.

## Coiste Ealaíne:

Beidh ar an ngrúpa seo pictiúir a tharraingt nó a aimsiú a bheidh oiriúnach don leabhrán.

## Coiste Aistriúcháin:

Beidh ar an ngrúpa seo na nathanna a aistriú go Gaeilge.
Ba chóir dóibh comhairle a lorg ó Roinn na Gaeilge / ón múinteoir Gaeilge sa scoil.

## Coiste Leabhráin:

Nuair a bheidh na habairtí curtha le chéile, beidh ar an ngrúpa seo an leabhrán a chur le chéile.
Is féidir cabhair a lorg ón Roinn Teicneolaíocht Faisnéise sa scoil.

## Coiste Caidrimh Phoiblí:

Beidh ar an ngrúpa seo póstaeir a dhearadh faoin leabhrán chun na daltaí a chur ar an eolas faoin leabhrán agus iad a spreagadh chun é a úsáid.

## Coiste Bronnta:

Beidh ar an ngrúpa seo searmanas bronnta an leabhráin a eagrú mar chuid de thionól scoile. Ba cheart go mbeadh na daltaí go léir i láthair sa chaoi is go mbeidh siad ar an eolas faoin leabhrán agus go spreagfar iad chun é a úsáid.

# 5. Cuairt ó Oifig an Choimisinéara Teanga

## Aidhm:

Eolas a fháil faoin obair á dhéanann Oifig an Choimisinéara Teanga.

Torthaí Foghlama:

- Cabhrú leis na daltaí sa chaoi is go mbeidh siad in ann cuairt chuig an scoil ó aoi-chainteoir a reáchtáil.
- Cabhrú leis na daltaí scileanna éagsúla a fhorbairt, mar shampla scileanna sóisialta, scileanna gutháin agus scileanna ríomhaireachta.

## 1. Coiste Ceada:

- Beidh ar an ngrúpa seo cead a fháil ó phríomhoide na scoile cuireadh a thabhairt d'aoi-chainteoir teacht chuig an scoil.
- Beidh orthu labhairt ar dtús le rúnaí na scoile chun coinne a dhéanamh leis an bpríomhoide.
- Nuair a bheidh an t-am agus an dáta socraithe don chuairt, beidh ar an gcoiste cead a fháil ó mhúinteoirí na ranganna a bheidh le cur ar ceal mar thoradh ar an gcuairt.

## 2. Coiste Eagraithe:

- Beidh ar an ngrúpa seo dul i dteagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga agus cuireadh a thabhairt dóibh teacht chuig an scoil.
- Beidh orthu míniú a thabhairt ar an gcúis atá taobh thiar den chuairt agus ar an méid a bhfuil siad ag súil leis ón gcuairt.

## 3. Coiste Poiblíochta:

- Beidh ar an ngrúpa seo póstaeir a chur thart timpeall na scoile chun eolas a scaipeadh faoin tionscadal atá idir lámha acu.
- Beidh orthu eolas a thabhairt maidir le hobair Oifig an Choimisinéara Teanga agus faoin tábhacht atá leis an obair sin.

## 4. Coiste Seomra:

- Beidh ar an ngrúpa seo a chinntiú go bhfuil seomra ranga ar fáil don chuairt.
- Beidh orthu a bheith cinnte go bhfuil an seomra glan agus go bhfuil go leor cathaoireacha ann.
- Beidh orthu a bheith cinnte go bhfuil gloine uisce ann don chuairteoir.

## 5. Coiste Ceisteanna:

- Beidh ar an ngrúpa seo ceisteanna a chur le chéile ón rang sula dtiocfaidh an cuairteoir.
- Beidh orthu daltaí a roghnú chun na ceisteanna a chur ar an gcuairteoir nuair a bheidh an chuairt ar siúl.
- Beidh orthu cóip de na ceisteanna a chur chuig an gcuairteoir sula dtiocfaidh sé/sí.
- Ba cheart go mbeadh deis ann tuilleadh ceisteanna a chur nuair a bheidh an chuairt ar siúl.

## 6. Coiste Fáiltithe:

- Beidh ar an ngrúpa seo fáilte a chur roimh an gcuairteoir nuair a thiocfaidh sé/sí go dtí an scoil.
- Beidh orthu an cuairteoir a thabhairt go dtí an seomra ranga ina bhfuil an chaint ar siúl.
- Beidh orthu an cuairteoir a chur in aithne don rang.

### 7. Coiste Cathaoirleachta:

- Beidh ar an ngrúpa seo tús a chur leis an seisiún agus an seisiún a choimeád ar siúl.
- Beidh orthu súil a choinneáil ar chúrsaí ama agus a chinntiú go bhfuil go leor ama ann chun gach rud a chlúdach.

### 8. Coiste Airgid:

- Beidh ar an ngrúpa seo airgead a bhailiú ón rang le tae agus brioscaí a cheannach don chuairteoir.
- Beidh orthu cárta buíochais a cheannach don chuairteoir.

### 9. Coiste Bia:

- Beidh ar an ngrúpa seo an tae agus na brioscaí a shocrú don chuairteoir tar éis na cainte.

### 10. Coiste Buíochais:

- Beidh ar an ngrúpa seo buíochas a ghabháil leis an gcuairteoir as ucht na cuairte agus as ucht an eolais a tugadh don rang.
- Beidh orthu an cuairteoir a thionlacan ón seomra ranga, buíochas a ghabháil leis nó léi agus cárta buíochais a chur chuig an gcuairteoir go gairid ina dhiaidh sin.

## Nótaí don Mhúinteoir:

Ba chóir don mhúinteoir dul i dteagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga sula dtosaíonn an rang ag obair ar an gcuairt seo a eagrú. D'fhéadfadh sé go mbeadh an Oifig in ann aoi-chainteoir a chur ar fáil don rang, ag brath ar éileamh.